snas.ie

Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc & Tástáil

# FORBAIRT GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ
## TEAGASC AR LÍNE

# CLEACHTAÍ CAINTE
## ROTHAÍ CAINTE

### Aidhm

Ag labhairt faoi thopaicí éagsúla ag baint úsáide as rothaí cainte.

Is féidir roth cainte a chruthú in uirlis mar *Wordwall* nó is féidir cinn éagsúla a fháil ar líne.

### Treoir

Scríobh topaicí nó ceisteanna sa roth roimh ré. I rith an ranga, roinn an roth leis na foghlaimeoirí trí do scáileán agus nuair a chasann an roth cuir na ceisteanna sa roth ar fhoghlaimeoirí éagsúla.

Is féidir na hábhair chainte sa roth a bheith bainteach le topaic ar leith (‘Rúin na hathbhliana’, cuir i gcás) nó le réimse leathan topaicí éagsúla.

### Forbairt / Nótaí

D’fhéadfaí an roth a úsáid mar uirlis aiseolais ag leibhéal ardranga le ceisteanna mar: ‘An rud is dúshlánaí faoin gcúrsa seo’; ‘Rud amháin a d’fhoghlaim mé nach raibh ar eolas agam cheana’; ‘Topaicí ar mhaith liom a dhéanamh sna seachtainí amach romhainn’; ‘Rud amháin nár thuig mé’ agus mar sin de.